2024/3197

16.12.2024

CINNEADH (CBES) 2024/3197 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 10 Nollaig 2024

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/2/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2012/389/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 26 Márta 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1017 ([2]), lena gceaptar Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

(3) An 5 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/3096 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 28 Feabhra 2027.

(4) An 28 Deireadh Fómhair 2024, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK

([1]) IO L 187, 17.7.2012, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/389/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1017 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Márta 2024 maidir le Ceann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2024) a cheapadh (IO L, 2024/1017, 2.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1017/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/3096 ón gComhairle an 5 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L, 2024/3096, 6.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3096/oj).